Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 10 Nollaig 2021**
**(OR. en)**

**14919/21**
**ADD 1**

**JAI 1403**
**FREMP 297**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 9 Nollaig 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 777 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE Eoraip níos uilechuimsithí agus níos cosantaí: liosta choireanna an Aontais Eorpaigh a leathnú chun an fhuathchaint agus an choireacht fuatha a chur san áireamh ann |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 777 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 777 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.12.2021
COM(2021) 777 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

***a ghabhann leis an***

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Eoraip níos uilechuimsithí agus níos cosantaí: liosta choireanna an Aontais Eorpaigh a leathnú chun an fhuathchaint agus an choireacht fuatha a chur san áireamh ann**

## IARSCRÍBHINN

### CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE
**maidir leis an bhfuathchaint agus an choireacht fuatha a chur leis na réimsí coireachta a leagtar síos in Airteagal 83(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 17(1) de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 83(1), an tríú fomhír, de,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Gach cineál agus léiriú fuatha agus éadulaingthe, an fhuathchaint agus an choireacht fuatha san áireamh, tá siad ar neamhréir le luachanna an Aontais, is iad sin dínit an duine, an tsaoirse, an daonlathas, an comhionannas, an smacht reachta agus urraim do chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar de mhionlach iad mar a chumhdaítear in Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (‘CAE’). Is comhluachanna ag na Ballstáit na luachanna sin i sochaí ina bhfuil an t-iolrachas, an neamh-idirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir i réim.

(2) Is éard atá san Aontas limistéar saoirse, slándála agus ceartais ina n-urramaítear cearta bunúsacha agus córais agus traidisiúin éagsúla dlí na mBallstát. Tá sé d'aidhm aige leibhéal ard slándála a áirithiú trí bhíthin bearta éagsúla, lena n-áirítear coireacht, ciníochas agus seineafóibe a chosc agus a chomhrac.

(3) Faoi Airteagal 83(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais (‘CFAE’), féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle rialacha íosta a bhunú maidir le cionta coiriúla agus smachtbhannaí a shainiú i réimsí na coireachta fíorthromchúisí a bhfuil gné thrasteorann ag baint leo mar gheall ar nádúr na gcionta sin nó mar gheall ar an tionchar a bhíonn acu nó toisc go bhfuil gá faoi leith ann iad a chomhrac ar bhonn comhchoiteann. Tá na réimsí coireachta sin liostaithe san Airteagal sin.

(4) An liosta sin de réimsí coireachta, mar atá faoi láthair, ní féidir é a úsáid chun rialacha íosta a bhunú maidir leis an bhfuathchaint agus an choireacht fuatha a shainiú agus maidir le smachtbhannaí ina leith.

(5) Le Cinneadh Réime 2008/913/CGB[2] ón gComhairle déantar foráil do smachtbhannaí coiriúla atá éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach maidir leis an bhfuathchaint agus leis an gcoireacht fuatha chiníoch agus sheineafóibeach, agus tá feidhm aige ar fud an Aontais. Ceanglaíonn sé ar na

[1] IO C […], […], lch. […].

[2] Cinneadh Réime 2008/913/CGB ón gComhairle an 28 Samhain 2008 maidir le cineálacha agus léirithe áirithe ciníochais agus seineafóibe a chomhrac trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 328, 6.12.2008, lch. 55)

Ballstáit an fhuathchaint a choiriúlú, i.e. gríosú poiblí chun foréigin nó fuatha ar fhorais maidir le cine, dath, reiligiún, sliocht nó bunadh náisiúnta nó eitneach. Baineann an ceanglas céanna le gach coir eile, seachas an fhuathchaint, a dhéantar agus arb é ciníochas nó seineafóibe is spreagadh di.

(6) An gá atá ann aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar an bhfuathchaint agus ar an gcoireacht fuatha a dhéantar ar fhorais seachas na forais a chumhdaítear le Cinneadh Réime 2008/913/CGB, agus go háirithe ar fhorais maidir le hinscne, claonadh gnéasach, aois agus míchumas, aithníodh é i straitéisí Aontas an Chomhionannais, is iad sin an Straitéis maidir le Comhionannas Inscne 2020-2025[3], an Straitéis maidir le Comhionannas LADTIA 2020-2025[4] agus an Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030[5].

(7) Tá an tAontas Eorpach agus na Ballstáit uile ina bpáirtithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas. In Airteagal 16 de maidir le saoirse ó dhúshaothrú, ó fhoréigean agus ó mhí-úsáid, luaitear gur cheart do na páirtithe gach beart iomchuí reachtach, riaracháin, sóisialta, oideachais agus eile a dhéanamh chun daoine faoi mhíchumas a chosaint. Ba cheart daoine faoi mhíchumas a chosaint ar gach cineál dúshaothraithe, foréigin agus mí-úsáide, laistigh den bhaile agus lasmuigh de. Ba cheart do na páirtithe freisin gach beart is iomchuí a dhéanamh chun gach cineál dúshaothraithe, foréigin agus mí-úsáide a chosc. In Airteagal 17 maidir le sláine an duine a chosaint luaitear go bhfuil an ceart ag gach duine faoi mhíchumas ar urraim dá sláine choirp agus intinne ar bhonn comhionann le daoine eile.

(8) Mar a aithnítear ar an leibhéal idirnáisiúnta freisin[6], tá an tucaid laofachta ina shaintréith ag an bhfuathchaint agus ag an gcoireacht fuatha, ar spreagadh é a chuireann faoi deara do dhéantóir na coire gníomh a dhéanamh i gcoinne daoine nó grúpaí a bhfuil, nó a mheastar go bhfuil, na saintréithe cosanta céanna acu. Is gné bhunúsach ar leith den dá fheiniméan é an fuath, rud a nascann an grúpa coireanna níos leithne sin le chéile.

(9) Baineann an fhuathchaint agus an choireacht fuatha de na cearta bunúsacha agus de na luachanna ar a bhfuil an tAontas fothaithe, dínit an duine agus an comhionannas go háirithe. Anuas air sin, ní hamháin go ndéanann siad dochar do na híospartaigh aonair ach déanann siad dochar freisin do phobail i gcoitinne agus don tsochaí trí chéile, lena n-áirítear trí éifeacht mhór dhiúltach a bheith acu ar an tsaoirse tuairimí a nochtadh. Cuireann siad bac ar iolrachas agus ar chaoinfhulaingt, mar bíonn polarú ann dá mbarr agus bíonn tionchar diúltach acu ar an ndíospóireacht phoiblí agus ar an saol daonlathach.

---

[3] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal 'A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025', an 5.3.2020, COM(2020)152.

[4] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal 'A Union of Equality: LGBTIQ Equality Strategy 2020-2025', an 12.11.2020, COM(2020) 698.

[5] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, 'Union of Equality Strategy for the Rights of Persons with Disabilities 2021-2030' an 3.3.2021, COM(2021) 101.

[6] Féach mar shampla Moladh ó Chomhairle na hEorpa Uimh. R (97) 20 ó Choiste na nAirí chuig na Ballstáit maidir le 'fuathchaint' agus Cinneadh ón gComhairle Aireachta ESCE Uimh. 9/09 maidir le coireanna fuatha a chomhrac, an 2 Nollaig 2009.

(10) Tá an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil cumhdaithe in Airteagal 11 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus tá sé ar cheann de na bunsraitheanna riachtanacha de shochaí dhaonlathach. Ní mór a leagan síos go bhfuil an fhuathchaint ina coir chun cearta agus saoirsí daoine eile a chosaint agus is fíor go gcomhlíonann an gá sin cuspóirí leasa ghinearálta a aithníonn an tAontas. Aon reachtaíocht de chuid an Aontais a cheanglaíonn ar na Ballstáit an fhuathchaint a choiriúlú, agus a bheadh tionchar aici ar an gceart ar shaoirse chun tuairimí a nochtadh, ba cheart í a bheith comhréireach agus go n-urramódh sé bunús an chearta ar shaoirse chun tuairimí a nochtadh.

(11) Ní hamháin go bhféadfadh coinbhleacht a bheith ina toradh ar an bhfuathchaint, ach d'fhéadfadh coireanna fuatha a bheith ina dtorthaí uirthi freisin. Scaipeann an dá rud sin thar theorainneacha náisiúnta. Déantar an fhuathchaint a atáirgeadh go héasca agus a scaipeadh go forleathan ar líne tríd an idirlíon, na meáin shóisialta san áireamh, agus as líne trí chraolacháin teilifíse, imeachtaí poiblí, meáin chlóite agus caint pholaitiúil. D'fhéadfadh líonraí ag a bhfuil baill i roinnt tíortha coireanna fuatha a dhéanamh nó a éascú, ar líonraí iad a spreagann, a eagraíonn nó a dhéanann ionsaithe fisiceacha. Go ginearálta, bíonn éifeacht iarmhartach ag an gcoireacht fuatha ar fud na mBallstát, rud a chuireann le timpeallacht eagla agus a d'fhéadfadh a bheith ina cúis le coinbhleachtaí sóisialta.

(12) Tá an fhuathchaint agus an choireacht fuatha forleathan ar fud an Aontais agus tá méadú ag teacht orthu le blianta beaga anuas. Go háirithe, tháinig ardú ar éiginnteacht, leithlisiú agus eagla mar gheall ar phaindéim COVID-19. Chruthaigh sé sin atmaisféar inar tháinig borradh faoin bhfuathchaint, agus tá úsáid á baint as freisin chun díriú ar phobail atá imeallaithe cheana féin, rud a mbíonn an fhuathchaint ann dá bharr freisin.

(13) Baineann an fhuathchaint agus an choireacht fuatha de bhunsraith sochaí daonlathaí agus iolraíche agus de na comhluachanna mar a chumhdaítear in Airteagal 2 CAE. Mar gheall ar thromchúis ar leith na n-iompar sin, i bhfianaise a dtionchar ar chearta agus ar luachanna bunúsacha, agus mar gheall ar ghné thrasteorann na n-iompar sin, tá gá le comhghníomhaíocht ar leibhéal an Aontais. Tá freagairt choiteann ón Aontas maidir le dlí coiriúil ag teastáil chun aghaidh éifeachtach a thabhairt ar na dúshláin atá ann de dheasca na fuathchainte agus na coireachta fuatha. Áiritheoidh sé freisin go gcosnófar íospartaigh coireanna fuatha ar bhealach comhsheasmhach, agus áiritheoidh sé go mbeidh rochtain acu ar bhearta tacaíochtaí speisialta a dheonaítear do na híospartaigh coireachta is leochailí. Ba cheart go gcuirfeadh cur chuige comhchoiteann feabhas ar chomhar breithiúnach idir na Ballstáit freisin, rud atá fíor-riachtanach mar gheall ar ghné thrasteorann na bhfeiniméan sin.

(14) Mar sin, comhlíonann an fhuathchaint agus an choireacht fuatha na critéir a leagtar amach in Airteagal 83(1) CFAE agus is féidir iad a shainaithint mar 'réimse coireachta' eile, anuas ar na réimsí atá liostaithe cheana féin san fhoráil sin.

(15) Dá bhrí sin, tá sé riachtanach liosta na réimsí coireachta in Airteagal 83(1) CFAE a leathnú chun an fhuathchaint agus an choireacht fuatha a chur san áireamh, ar an gcéad dul síos, chun go mbeifí in ann, ar an dara dul síos, reachtaíocht thánaisteach shubstainteach a ghlacadh lena mbunófar rialacha íosta

maidir le sainmhínithe agus smachtbhannaí i dtaca leis an bhfuathchaint agus an choireacht fuatha.

(16) Níor cheart go mbeadh tionchar ag an gCinneadh seo ar na gníomhartha a d'fhéadfaí a dhéanamh sa dara céim. Go háirithe, ní thagann sé roimh raon feidhme agus ábhar na reachtaíochta tánaistí a mholfar dá éis sin ná ní dhéanann sé dochar dóibh.

(17) Ba cheart an togra ón gCoimisiún i dtaca le reachtaíocht thánaisteach den chineál sin a ullmhú i gcomhréir le ceanglais maidir le Rialáil Níos Fearr, lena n-áirítear measúnú tionchair agus comhairliúchán leathan. Go háirithe, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle leis na Ballstáit nuair a bheidh reachtaíocht thánaisteach den chineál sin á hullmhú, lena n-áirítear maidir le sainghnéithe na gcreataí reachtacha náisiúnta a bhaineann leis an dlí coiriúil agus le cearta bunúsacha,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Beidh an fhuathchaint agus an choireacht fuatha ina réimse coireachta de réir bhrí Airteagal 83(1) CFAE.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*